C/2024/6154

9.10.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a bheidh faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/1720 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/2665 ón gComhairle„ agus i Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme 2024/2672 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua

(C/2024/6154)

Dírítear aird na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/1720 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/2665 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme 2024/2672 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tar éis do Chomhairle an Aontais Eorpaigh athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí ainmnithe, chinn sí gur cheart na daoine a ndéantar trácht orthu sna hIarscríbhinní thuasluaite a áireamh i gcónaí ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/1720 agus i Rialachán (AE) 2019/1716.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme 2024/2672, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua, chun údarú a fháil cistí reoite a úsáid chun bunriachtanais nó íocaíochtaí sonracha a chumhdach.

Féadfaidh na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, roimh an 31 Bealtaine 2025, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críche athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Chinneadh (CBES) 2019/1720, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/2665 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, sa cheathrú agus sa séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 262, 15.10.2019, lch. 58.
([2]) IO L, 2024/2665, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2665/oj.
([3]) IO L 262, 15.10.2019, lch. 1.
([4]) IO L, 2024/2672, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2672/oj.